



Neamhord Greannach Freasúraíoch (NGF)

Oppositional Defiant Disorder is, in my book, a red flag. It is an indication that there is something else going on. I have never... seen a kid that meets criteria for ODD and did not meet criteria for some other diagnosis. It is as if the oppositional and defiant behavior is a coping strategy for dealing with other issues. Or a poorly functional reaction to other issues that are NOT being dealt with.

Iontráil a cuireadh suas ar 23 Deireadh Fómhair le Dan Hartman, MD, ar WordPress.com
<http://thesidewalkpsychiatrist.wordpress.com/2007/10/23/oppositional-defiant-disorder/>

Is neamhord síciatrach é NGF, agus ní fios go cinnte cad is cúis leis, cé go bhféadfadh baint a bheith ag gnéithe bitheolaíocha agus timpeallachta leis. Is patrún athfhillteach d'iompraíocht dhiúltach é an sainmharc in NGF: cuireann daltaí i gcoinne rudaí agus bíonn siad easumhal agus eascairdiúil le daoine údarásacha go háirithe. Leanann an patrún seo ar aghaidh ar feadh sé mhí ar a laghad, agus bíonn ceithre cinn nó níos mó de na nithe seo thíos le feiceáil sna daltaí i rith na tréimhse sin:

- beireann an fhearg bua orthu go minic
- bíonn siad ag argóint le daoine fásta go minic
- cuireann siad i gcoinne iarratais nó rialacha daoine fásta go minic nó diúltaíonn siad cloí leis na hiarratais nó na rialacha
- cuireann siad isteach go minic ar dhaoine, d'aon ghnó
- cuireann siad an milleán ar dhaoine eile as a mbotúin féin nó as a n-iompraíocht féin go minic
- cuireann daoine eile isteach orthu go héasca nó is féidir iad a chur trí chéile go héasca
- bíonn siad colgach, feargach go minic
- bíonn siad nimhneach díoltasach go minic

An suaitheadh san iompraíocht cruthaíonn sé laige chliniciúil shuntasach i bhfeidhmiú sóisialta, acadúil agus/nó gairme. Bíonn 'frith-thoil' ag baint le daltaí a bhfuil NGF orthu: dá mhéad an brú a chuireann tú orthu is é is mó a chuireann siad i do choinne. Ullmhaíonn daltaí gníomhartha roimhe ré agus go minic seans go mbeidh achrann ag *teastáil* ó na daltaí. Go hiondúil, ar scoil beidh daltaí a bhfuil NFG orthu ionsaitheach agus cuirfidh siad isteach ar dhaoine eile d'aon ghnó.

Is annamh ar fad nach mbeidh ach NGF ar dhaltaí: go hiondúil beidh neamhoird néarshíciatracha eile i gceist freisin, mar shampla, neamhord hipirghníomhaíochta easnamh airde (NHEA), dúlagar, neamhord iompair (NI) agus neamhord dépholach. Seans go mbeidh siondróm Tourette nó riachtanais speisialta oideachais eile ar na daltaí seo freisin.





CUID 4: Suaitheadh Mothúchánach agus/nó Fadhbanna Iompraíochta



Leideanna Foghlama agus Teagaisc

- Bí báúil leis na daltaí agus tuig nach tusa cúis na heasumhlaíochta.
- Lig do na daltaí seo na buanna atá acu a úsáid chun cabhrú le daltaí eile.
- Forbair clár féinmheasa agus múin scileanna sóisialta go soiléir.
- Cuir na daltaí seo ina suí in aice le daltaí a bheadh ina eiseamláir mhaith.
- Tabhair faoi deara na scileanna nó na tréithe is féidir leat a atreisiú go deimhneach.
- Bí dearfach; tabhair moladh agus atreisiú deimhneach nuair a léiríonn an dalta solúbthacht agus/nó comhoibriú.
- Bíodh daoine in ann teacht chugat agus bí i do rólchuspa deimhneach.
- Forbair rialacha an tseomra ranga mar aon le sceideal laethúil le go mbeidh a fhios ag an dalta cad a bheidh ag tarlú. Bain úsáid as leideanna amhairc chun cabhrú le daltaí a bhféadfadh deacrachtaí litearthachta a bheith acu. Is rud úsáideach é, freisin, ord tosaíochta a chur ar na rialacha don dalta.
- Rialacha comhaontaithe: is gá do na páirtithe leasmhara uile sa scoil iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i gcás daltaí a bhfuil NGF orthu. Caithfidh rialacha a bheith réalach, sainiúil, comhsheasmhach, réamhghníomhach.
- Déan éagsúlú ar mhúinteoireacht chun freastal ar riachtanais aitheanta.
- Bain feidhm as cur chuige struchtúrtha maidir le múineadh spriocanna foghlama agus iompraíochta.
- Cuimhnigh go bhfuil gá le struchtúr ar feadh an lae scoile, ina measc, tréimhsí a bheadh neamhstruchtúrtha de ghnáth, mar shampla, am sosa.
- Téann cláir a bhaineann le bainistíocht feirge chun tairbhe do na daltaí seo, mar aon le cláir a chothaíonn intleacht mhothúchánach.
- Is fearr tabhairt faoin obair seo i gcomhpháirt le tuismitheoirí agus/nó le cúramóirí.
- Cuir córas duaiseanna i bhfeidhm ina leagann an dalta luach ar an toradh.



- Leag amach spriocanna i gcomhair iompraíochta agus foghlama atá sainiúil, inmheasta, insroichte, ábhartha agus laistigh d'amscála.
- Cruthaigh stáisiúin oibre inar féidir le daltaí a bheith ag éisteacht lena rogha ceoil agus a bheith ag obair go neamhspleách. Bain úsáid as cluasáin le fuaim rialaithe ionas nach gcuirfear isteach ar dhaltaí eile.
- Más cuí, bain feidhm as meantóireacht piara le daltaí eile.
- Bíodh straitéis rognach i bhfeidhm don dalta chun 'bheith amuigh/éirí as' (m.sh. cárta dearg a bheith ag an dalta).
- Cothaigh caidreamh idir daltaí a bhfuil NGF orthu agus daltaí eile trí na gníomhaíochtaí/ceachtanna seo: Am Ciorcail; Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS); drámaíocht; rólghlacadh.
- Cuimhnigh go n-oibríonn duaiseanna níos fearr ná rialacha do na daltaí seo.
- Cuir conradh iompraíochta i bhfeidhm leis an dalta agus iarr moltaí ar an dalta maidir le bealaí chun iompar a fheabhsú.
- Laghdaigh líon na nithe a d'fhéadfadh cur isteach ar na daltaí.
- Laghdaigh líon na n-idirthréimhsí agus, nuair a bheidh gá leo, déan cinnte go dtabharfaidh tú fógra soiléir fúthu. Smaoinigh ar amhrán, ar fhuaim, ar chomhartha nó rud mar sin a úsáid chun comhartha a thabhairt.
- Faigh amach cad a mhúsclaíonn mí-iompar sa dalta: féach ar an réamhghníomh (an rud a tharla roimh an iompar a bhfuil fadhb leis), ar an iompar, agus ar thorthaí an iompair.
- Tabhair freagrachtaí breise don dalta. Lig don dalta cleachtadh a fháil maidir le tascanna beaga réasúnta a dhéanamh.







CUID 4: Suaitheadh Mothúchánach agus/nó Fadhbanna Iompraíochta

- Tabhair rogha don dalta, nuair is féidir, chun cás a réiteach, rud a sheachnaíonn teannas agus diúltacht (m.sh. má tá dalta ag úsáid fón póca sa rang tabharfaidh an múinteoir rogha dó an fón a leagan uaidh nó é a fhágáil ar dheasc an mhúinteora go dtí deireadh an ranga). Mar thoradh ar an rogha a fháil, is lú an brú a bhraitheann an dalta a bheith air féin.
- Tabhair duais don dalta i ndiaidh tréimhsí gearra ratha.
- Tabhair duais do na daltaí ní hamháin don mhéid a bhaineann siad amach ach dá gcuid iarrachtaí freisin.
- Bris na tascanna síos ina gcodanna indéanta.
- Cinntigh, i gcomhairle leis an dalta, na modhanna is fearr a oireann dó/di chun aird an mhúinteora a fháil.

AM	ÁBHAR	MÚINTEOIR	SEOMRA
9.00 – 9.40		An tUasal Wall 	201
9.40 – 10.20		Iníon Uí Aogáin 	105
10.20 – 11.00		Iníon Page 	203

ANOIS	AN CHÉAD RUD EILE
	



Acmhainní/Tagairtí Breise

1. Essau, C.A. (2003) *Conduct and Oppositional Defiant Disorders: Epidemiology, Risk Factors and Treatment*, Mahwah, NJ: Lawrence Erlbaum Associates Inc.
2. Frank, K., Paget, M. agus Wilde, J. (2005) *Defying the Defiance: 151 Insights, Strategies, Lessons and Activities for Helping Students with ODD*, Chapin, SC: YouthLight Inc.
3. Hall, P.S. agus Hall, N.D. (2003) *Educating Oppositional and Defiant Children*, Alexandria, VA: Association for Supervision and Curriculum Development.
4. Riley, D. A. (1997) *The Defiant Child: A Parent's Guide to Oppositional Defiant Disorder*, Dallas, TX: Taylor Publishing.
5. Sunderland, M. (2003) *Helping Children Locked in Rage or Hate: A Guidebook*, Bicester: Speechmark.
6. Tá liosta ag an tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Speisialta (STOS) de láithreáin gréasáin sheachtracha a bhaineann le suaithheadh mothúchánach agus/nó fadhbanna iompair agus bainistíocht iompair, láithreán gréasáin <http://www.sess.ie/>

